

❖ An Lúibín ❖

5 Feabhra 2024

Foghraíocht na Gaeilge

The pronunciation of urban Irish is seldom noted for its accuracy. This is due less to the influence of English than to ignorance of the basic phonetics of the Irish language, an ignorance shared by many teachers. But where teachers fail, YouTube can sometimes come to the rescue.

Is geall le sean-nath anois é: 'Ba dhóigh le strainséir nach bhfuil i nGaeilge na cathrach ach Béarla agus roinnt focal aisteach ag baint leis'. Ní fíor é sin i gcónaí, ach thiocthadh iontas ar an strainséir céanna dá gcloisfeadh sé Gaeilge cainteora dúchais agus blas chomh hiasachta uirthi. Pé saghas teanga í sin, ní Béarla í.

An dá fhuaim is deacra d'fhoghlaimoirí Gaeilge an scornúlach agus an R caol. Ní hannamh a chloistear 'an kchathair' in áit 'an chathair,' 'gok' in 'ait 'gach' nó 'an Gaeilge' in áit 'an Ghaeilge'. Ní mhínítear conas barr na teanga a chur in airde ar an gcarbad ar chúl na bhfiacra chun an R a chur i gcaoile, ná conas rolladh beag a dhéanamh leis an R, caol nó leathan. In Éirinn, ar an nós, is fusa R leathan an Bhéarla (gan rolladh) a úsáid i ngach cás. Ní féidir an locht go léir a chur ar thionchar an Bhéarla ar fhuaimniú na Gaeilge. Múinteoirí aineolacha is mó is cúis leis.

Níl YouTube gann i raiméis, ach anois agus arís tiocfaidh tú ar chainéal fóna. Féach an file agus gníomhaí Ciara Ní É anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=Aj45ma-qh2I> (WTF!? Slender R in Irish / R caol EXPLAINED!). Is fiú na teachtaireachtaí a bhaineann leis an bhfíseán a léamh.

Tá cainéal ag 'Patchy' (Pádraig Thomáis Ó Raghallaigh, cainteoir dúchais as Maigh Eo) agus roinnt físeán air. Beidh suim ag daoine éigin sa cheann seo a leanas: 'Speak Irish Gaelic like a native (Part 2): Avoid these YouTube channels, who teach the wrong sounds' - <https://www.youtube.com/watch?v=z0NhclA95y0>. Sin tuairim neamhbhalbh, ach is maith leis roinnt cainéal eile agus iad á reachtáil ag Dazpatreg, An Loingseach, Irish with Rosie agus Dave Learns Irish. (Tugann sé léirmheas i nGaeilge ar *Seanfhocla Chonnacht*, seanleabhar fóna, i bhfíseán eile dá chuid – féach https://www.youtube.com/watch?v=HfvOVVZF_hk - agus tá agallamh fada leis ar RnaG le cloisteáil anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=UuN-rBwb6CM>.)

Más mian leat Gaeilge Bhaile Átha Cliath a chloisteáil ina beatha, caint líofa gan náire, seo físeán de chuid sraithe a rinne TG4: 'Caint na Sráide - Baile Átha Cliath' - <https://www.youtube.com/watch?v=q8KNJypBZD8>.



Múineadh teangacha i dtír ilteangach

Australia relies on immigrants, and to that extent is multilingual. But with English as the lingua franca, other languages fare badly in the schools. This makes Australia an interesting case study in linguistic ambivalence.

Cén fáth a bhfoghlaimfeofa teanga eile? Is minic an freagra mar seo: Is trí theanga a ligimid an saol chugainn agus a dhéanaimid machnamh air. Cumas tuisceana atá i gceist, agus cuireann teanga eile leis an tuisceant sin. Léiríonn sí saol nua dúinn. Chomh maith leis sin, cuidíonn teangacha linn deiseanna a thapú i gcúrsaí oibre.

Ba dheacair an méid sin a shéanadh. Agus ba dheacair a shéanadh nach mbacann formhór na ndaoine (go háirithe i dtíortha an Bhéarla) le teanga eile a fhoghlaim. Tá gradam éigin ag baint le heolas a bheith agat ar theanga nach í do theanga dhúchais í, ach is dócha nach mór an spreagadh é i gcoitinne.

Tír mhór inimirceach í an Astráil (áit chónaithe *An Lúibín*), a lán teangacha á lábhairt ann agus sainléargas ar cheist an ilteangachais agus ar mhúineadh teangacha le fáil ann dá bharr. Sa daonáireamh deireanach dúirt 5.8 milliún

duine gur labhair siad teanga nár Bhéarla í sa bhaile; ní raibh Béarla ar a dtoil ag 872,000 duine díobh. Mar is gnách ina leithéid de thír, is iondúil go dtéann teangacha mionphobail i léig faoi cheann an tríú glúin. Is féidir airíonna éigin cultúrtha a choinneáil agus a chaomhnú fiú má tá an teanga caillte – rudaí atá ag roinnt le creideamh, nósanna nó bia.

Tá daltaí scoile ann a labhraíonn a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí teanga eile, agus tuigeann na daltaí í, ach freagraíonn siad i mBéarla. Más féidir le daltaí teacht le Béarla amháin ní bheidh a bhformhór ar a ndícheall ag fáil máistreacht ar theanga eile.

Mar a deir eolaí Astrálach amháin:

Our institutional answer to all of this has been to have very low expectations regarding our students' communicative abilities. Federal and state-level curriculum frameworks for languages in Australian schools reflect this.¹

Ní dhéanann ach timpeall 10% de dhaltai staidéar ar theanga eile. Is leor leo Béarla amháin, go háirithe agus an domhan mór á fhoghlaim ar aon nós. Tá leanúnachas in easnamh ar chláir theanga, agus ní fiú le scoileanna ranganna a chur ar fáil don scata an-bheag a bhfuil suim acu i dteangacha. Agus dá fhiúntaí na teangacha iontu féin, ní fhaigheann siad a ndóthain ama sa churaclam chun cainteoirí líofa a sholáthar. Chun líofacht a bhaint amach bheadh ort a thrí oiread ama a chaitheamh i mbun staidéir is atá ar fáil faoi láthair.

Is dóigh le daltaí sinseartha go gcuirfidh staidéar ar theanga eile isteach ar a marc iontrála ollscoile agus go mbeidh siad ag dul i gcomórtas le cainteoirí dúchais; b'fhéidir go dtiocfadh teangacha salach ar na croí-ábhair; measann daltaí go bhfuil teangacha deacair, agus nach rachaidh teanga bhreise chun sochair dóibh feasta – tuairim atá ag tuismitheoirí agus ag comhairleoirí gairme chomh maith.

Seapáinis, Iodáilis, Indinéisís, Fraincis, Gearmáinis agus Sínis na teangacha is coitianta sna gnáthscoileanna. Ach minic go leor tá múinteoirí cáilithe gann, agus ní thugtar oiliúint chuif do mhúinteoirí bunscoile. Dá bhrí sin fostaítear múinteoirí a bhfuil teanga eile ar a dtoil acu ach nach bhfuil cáilithe. Níl taithí ag cainteoirí cáilithe ó thíortha eile ar an gcultúr oideachais san Astráil, agus ní thugtar tacaíocht dóibh.

Agus córas oideachais na hAstráile á mheas, is minic a chuirtear é i gcomórtas le córas na Fionlainne. Sa tír sin déanann na daltaí staidéar ar dhá theanga éigeantacha ar fud a gcuid scolaíochta; déanann cuid mhaith acu an tríú teanga agus fiú an ceathrú teanga. Meastar gur gnáthchuid den oideachas iad na teangacha.

Tá bealaí fóna ann chun teangacha a mhúineadh go héifeachtach. An múinteoir a bheith ag úsáid na teanga nua chomh mór agus is féidir, ach ag úsáid Béarla nuair is gá. Aird a bheith ar an líofacht i gcónaí, agus tús áite a thabhairt don chaint seachas don chruinneas. Tá daltaí ann agus éiríonn go maith leo sna scrúduithe cé nach bhfuil labhairt na teanga acu (féach an Ghaeilge mar ábhar éigeantach in Éirinn mar shampla); tá daltaí eile ann a labhraíonn teanga eile ag fás aníos dóibh ach a n-éiríonn go holc leo ar scoil toisc nach bhfuil i dteangacha ach ábhar cúng.

Tá roinnt bheag scoileanna dátheangacha ann: múineann a leithéidí Seapáinis, Iodáilis, Airméinis, Fraincis agus Gearmáinis in Sydney, agus Vítneamais, Sínis, Gearmáinis agus Iodáilis in Melbourne.

Is minic a roghnaíonn teaghlaigh chluthara an Baccalaureate Idirnáisiúnta (BI) dá gclann, cúrsa a chuireann scoileanna príobháideacha ar fáil in ionad an Teastais Uachtaraigh Oideachais sa bhliain dheireanach. Tá ardchaighdeán oiliúna ag roinnt leis an BI agus foghlaim teanga ina dlúthchuid de.

Ceist ar leith é múineadh na dteangacha dúchasacha. Is fada teagasc ina dteangacha féin á cheilt ar pháistí Bundúchasacha. Is féidir na páistí sin a roinnt ina dtrí ghrúpa – páistí a tógadh le teanga Bhundúchasach, páistí a bhfuil teanga 'theagmhála' acu (Kriol nó Béarla Bundúchasach) agus páistí nach bhfuil teanga thraidisiúnta acu ach ar mian leo a leithéid a fhoghlaim.

¹ <https://lens.monash.edu/@education/2019/08/29/1376206/languages-education-in-australia-make-it-about-communication>: Marianne Turner, Senior Lecturer, Faculty of Education, Ollscoil Monash.

Glactar leis anois go n-éiríonn go maith le páistí a bhfuil teanga Bhundúchasach ó dhúchas acu má fhaigheann siad teagasc sa teanga sin. Ach tá deacrachtaí ann. Ní líonmhar iad na múinteoirí oilte a bhfuil teangacha Bundúchasacha ar a dtail acu; tá acmhainní teanga gann, agus is beag oiliúint atá ar fáil i modhanna teagaisc teangacha. Níl na húdaráis oideachais i gCríoch an Tuaiscirt (mar a bhfuil pobail thraidisiúnta le fáil go fóill) dall ar fad ar an scéal. Tá mórán múinteoirí cúnta ag obair ann faoi láthair a bhfuil idir Bhéarla agus teanga Bhundúchasach acu. Ach ba cheart múinteoirí láncháilithe a dhéanamh díobh, agus ní furasta teacht ar ábhar léitheoireachta. Más tús maith é, níl leath na hoibre déanta fós.

Le léamh:

- 'How to solve Australia's language learning crisis,' an Dr Ingrid Piller, Ollamh Céimíúil le Teangeolaíocht Fheidhmeach in Ollscoil Macquarie, Sydney, Australia: <https://www.languageonthemove.com/how-to-solve-australias-language-learning-crisis/>
- <http://www.news.com.au/national/pisa-report-finds-australian-teenagers-education-worse-than-10-years-ago/story-fncynjr2-1226774541525>
- 'Languages education in Australia: make it about communication,' an Dr Marianne Turner, Léachtóir Sinseartha, an Dámh Oideachais, Ollscoil Monash: <https://lens.monash.edu/@education/2019/08/29/1376206/languages-education-in-australia-make-it-about-communication>
- 'Australia's spectacular failure in languages,' an Dr Tim Mayfield, Ollscoil Melbourne: <https://pursuit.unimelb.edu.au/articles/australia-s-spectacular-failure-in-languages>
- An Investigation of the State and Nature of Languages in Australian Schools Prepared by the Research Centre for Languages and Cultures Education University of South Australia: https://www.researchgate.net/profile/Michelle-Kohler/publication/265115941_An_Investigation_of_the_State_and_Nature_of_Languages_in_Australian_Schools/links/5dc4a15ba6fdcc2d2ffb6ad2/An-Investigation-of-the-State-and-Nature-of-Languages-in-Australian-Schools.pdf
- SBS <https://www.sbs.com.au/news/article/language-learning-in-schools-are-we-wasting-our-childrens-potential/vxb4wcayg>
- SBS <https://www.sbs.com.au/news/article/calls-for-increased-mother-tongue-education-for-indigenous-school-students/xzpigkh66>
- Judd Boaz, Australian Broadcasting Corporation: 'As Chinese dialects decline, Australia offers a safe haven for some endangered languages' : <https://www.abc.net.au/news/2024-01-06/takeover-melbourne-teen-and-the-cantonese-language/103069564>

Teangacha Bundúchasacha:

- 'Indigenous language app Gurray gives First Nations words pride of place for learning and preserving': <https://www.abc.net.au/news/2023-11-02/new-mobile-app-gurray-indigenous-languages-learning/103044374>
- Giulia Bertoglio, Australian Broadcasting Corporation: 'Advocates call for legislative protection for Aboriginal languages in bid to address decline of native tongues': <https://www.abc.net.au/news/2023-10-29/indigenous-languages-call-for-legislative-protection/103033234>
- Madison Snow, Australian Broadcasting Corporation: 'Aboriginal English recognition in schools critical for improving student outcomes for Indigenous Australians': <https://www.abc.net.au/news/2019-12-22/calls-for-teachers-to-understand-aboriginal-english/11780094>



Michael Kelly agus saol ceilte na Gaeilge

Michael Kelly, born in 1762 in Dublin, was a famous tenor in European opera houses. Though he knew no Irish, his vivid memoirs have the occasional reference to the use of the language abroad.

Foilsíodh leagan den alt seo cheana ar *An Lúibín*, 29 Iúil 2019.

Amhránaí, cumadóir agus bainisteoir amharclainne ó Éirinn ba ea Michael Kelly (1762-1826). Bhí sé ar na hamhránaithe ceoldráma ba mhó cáil lena linn sa Bhreatain, san Iodáil agus san Ostair, agus bhí aithne aige ar Mozart.



Michael Kelly (portráid le Adèle Romany, idir 1802 agus 1814).
Wikimedia Commons

Bhí a athair Tomás ina cheannáí fíona agus ina mháistir rince, agus post aige mar reachtaire i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí Gaeilge ag an athair ach ní raibh focal di ag an mac. Fuair Michael scoth na hoiliúna i gcúrsaí ceoil, go háirithe guth agus méarchlár.

D'fhoilsigh Michael Kelly cuntas an-bhríomhar ar a shaol mar amhránaí ina lán tíortha, cé go maítear nach cuntas iontaofa i gcónaí é. Mar sin féin, foinse tábhachtach é agus é an-soléite: tugann an-údar léargas dúinn ar shaol atá imithe agus na pearsana ag éirí aníos chugainn lena gcuid gothaí, grinn agus aisteachais. Ní mór na *Reminiscences* a léamh más áil leat blas na linne úd a thabhairt leat.



Schönbrunn (pictiúr le Bernardo Bellotto, 1758, cúpla bliain sular rugadh Kelly).
Wikimedia Commons

Cé nach raibh Gaeilge ag Kelly, tá roinnt tagairtí déanta aige don teanga agus iad suimiúil go leor. Baineann ceann acu leis an Impire Joseph II (1741-1790), fear a raibh luí aige le ceol, san Ostair:

I procured an audience of the Emperor at Schoenbrunn. I found him with half-a-dozen General Officers, among whom were Generals O'Donnell and Kavanagh, my gallant countrymen; the latter said something to me in Irish, which I did not understand, consequently, made him no answer. The Emperor turned quickly on me, and said, "What, O'Kelly, don't you speak the language of your own country?" – I replied, "Please your Majesty, none but the lower orders of the Irish people speak Irish." The Emperor laughed loudly. The impropriety of the remark, made before two Milesian Generals, in an instant flashed into my mind, and I could have bit my tongue off.²

² *Reminiscences*, lch 263.

Bhí aithne ag O'Kelly ar shagart darbh ainm O'Leary – ‘a man of infinite wit, of instructive and amusing conversation’ nár dhiúltaigh riamh do dheoch. D’inis Ó Laoghair scéal (agus bunús éigin leis, b’fhéidir) faoin uair a chuir cara leis darbh ainm Murphy in aithne don Dochtúir Samuel Johnson i Londain é. Labhair Johnson leis in Eabhrais. Dúirt an sagart nár thuig sé an teanga sin agus lig Johnson air go raibh iontas air.

O'Leary immediately bowed very low, and complimented the Doctor with a long speech in Irish, of which the Doctor, not understanding a word, made no reply, but looked at Murphy. O'Leary, seeing that the Doctor was puzzled at hearing a language of which he was ignorant, said to Murphy, pointing to the Doctor, “This is a pretty fellow to whom you have brought me; - Sir, he does not understand the language of the sister kingdom [Éire].” – The Reverend Padre then made the Doctor a low bow, and quitted the room.³

Reminiscences of Michael Kelly of the King's Theatre and Theatre Royal Drury Lane: Henry Colburn, London, 1826
(<https://archive.org/details/reminiscencesmi00kellgoog>)

An Vicipéid: [https://ga.wikipedia.org/wiki/Michael_Kelly_\(tean%C3%B3r_agus_fear_amharclainne\)](https://ga.wikipedia.org/wiki/Michael_Kelly_(tean%C3%B3r_agus_fear_amharclainne))



Fís Fhursa

Fursa was a 7th century Irish monk and missionary in Britain and France, as famous for his visions as his piety. He saw hell with its demons and its damned when his visions drew him out of his body, and was instructed by angels about the sins that created hell's torments.

Manach Éireannach ba ea Naomh Fursa (a d'éag timpeall 650) agus clú air as na fiseanna a chonaic sé agus as a ndearna sé chun an Chríostaíocht a chur ar bun i Sasana agus sa Fhrainc. Baineann sé mar sin le traidisiún Gaelach na deoraíochta ar son Dé. I gCúige Chonnacht a rugadh é; ba í a mháthair Gelges [Geilíos?], iníon Chríostaí Aodha Fhinn, rí Chonnacht. Rinneadh manach de agus tháinig clú an diantréanais agus na cráifeachta air, agus tháinig slua chuige chun iad féin a chur faoina riail. Thiteadh sé i dtámhnéal agus d'fheiceadh sé fiseanna.


Ba é an chéad mhisinéir ó Éirinn go Sasana a bhfuil cuntas againn air. Tháinig sé sna 630idí i dteannta a dhá dheartháir agus roinnt manach eile. Bhí Críostaithe ann cheana, ach tugadh talamh do Fhursa in Norfolk chun mainistir a bhunú. Tamall ina dhiaidh sin, in 648, nuair a bhí an tír ag éirí achrannach, chuaigh sé chun na Fraince, áit ar bhunaigh sé mainistir agus a ndeachaigh sé ar a chamchuairt. Fuair sé bás i dtuaisceart na Fraince timpeall 650.

Tá sliocht thíos as fíis de chuid Fhursa agus cuntas ann ar Ifreann, cuntas gléineach beoga a léiríonn meanma agus samhlaíocht a linne. Tá ábharthacht agus fisiciúlacht ag baint le hIfreann, agus an dochar a dhéantar do Fhursa ina fhís fágann sé a rian ar a chorp. Leagan i nGaeilge an lae inniu atá thíos agus é bunaithe ar leaganacha de chuid an 17ú haois in dhá lámhscríbhinn, ceann acu breactha ag Mícheál Ó Cléirigh (1629) agus ceann eile breactha ag Domnall Ó Duinnín (1627). (Féach <https://celt.ucc.ie/published/G201008/index.html>.) Tá aingil i gcuideachta Fhursa san fhís agus labhraíonn siad leis.

Féach uait an domhan thíos, ar siad. D'iompaigh sé ansin agus d'fhéach anuas, agus chonaic sé gleann mór domhain dorcha faoi in íochtar na talún. Chonaic sé ceithre thine ollmhóra ar dearglasadh san aer os a chionn sin, agus níor lánfhada idir na tinte sin. D'fhiafraigh sé ansin de na haingil cad iad na tinte a chonaic sé, agus dúirt na haingil: Tinte iad siúd, ar siad, atá ag loscadh an domhain. An tine chéanna, ar siad, tine na bréige, óir nuair a bhaistear gach duine, geallann sé frithbhrú agus obadh don Diabhal agus dá ghníomhartha. An lucht nach gcomhlíonann sin agus a théann thairis, is iad a loisctear sa tine úd. Is í an dara tine, ansin, tine na sainte, óir an lucht a dhearsnaíonn nó a shantaíonn na rudaí saolta ar a saint seachas na rudaí neamhaí, is iad a loisctear ansin. An tríú tine, ansin, tine an easaontaithe, .i. nuair nach doiligh le do bhráithre agus le do chomharsana a bheith gafa i rudaí baotha agus i rudaí

³ *Reminiscences*, lgh 214-17.

díomhaoine, is ansin a loiscítear sibh sa tine úd. An ceathrú tine, ansin, is í tine an éagráifigh í. Is iad a loiscítear ansin an lucht nach gráin leo na fainn agus na truanna a bhánú agus a chreachadh.



Naomh Fursa agus manach (ón 14ú haois)
Wikimedia Commons

D'fhorbair agus mhéadaigh na tinte, agus tháinig siad le chéile go ndearnadh aon tine ollmhór amháin díobh. Nuair a dhruid Fursa anonn leis na tinte ghabh eagla é agus dúirt sé leis an aingeal: A thiarna, ar sé, ag sin an tine chugainn. D'fhreagair an t-aingeal ansin, agus is é a dúirt sé: Óir nach tusa a d'fhadaigh í, ar sé, ní loiscfear inti, óir cé gur mór agus gur uafásach an tine úd, ar sé, ní loiscfear neach ach de réir mar a bheidh tuillte aige; óir miangas gach duine, ar sé, a loisceas é sa tine úd, óir gach duine a loiscítear ina chorp ó thoil drúise agus iarchóide loiscítear é thall le pian dhlísteanach tar éis a chorp a dhealú óna anam.

Is ansin a chonaic Fursa duine de na trí aingil a bhí maille ina fíis, agus é roimh an tine, agus an dá aingeal eile ag gabháil timpeall na tine. Agus chonaic sé na deamhain ar foluain tríd an tine agus iad ag cur cath ar fíreín agus á dtarraingt isteach sa tine ar éigean. Bhí na deamhain ag aithisiú Fursa, ach bhí na haingil ag tabhairt dídean dó. Chonaic sé slua d'aingil ann agus sochaí de na daoine naofa den chine Gaelach féin a bhí aitheanta aige féin mar shagairt de lucht na hÉireann. Chuala sé beagán de bhriathra slánaithe ina thaobh féin. Agus nuair a bhí na briathra beag sin ráite agat, chuaigh siad le haingil chun neimhe, agus d'fhan na trí aingeal maille leis á thabhairt chun an choirp.

Nuair a dhruid siad leis an tine réamhráite rinne an t-aingeal dhá leath den tine. Ach nuair a shroich Fursa an doras a rinne an t-aingeal tríd an tine, ghabh na deamhain duine de na daoine a bhí á loscadh sa tine agus chaith siad le Fursa é, gur loisc sé a ghualainn agus a shlinneán agus a leiceann, agus chuimhnigh Fursa gur thug an duine sin cuid dá éadach dó roimhe sin. Ghabh an t-aingeal naofa an duine ansin agus chuir sé isteach sa tine arís é. Dúirt an Diabhal ansin: Ná cuir uaibh é i ndaoirse, mar ghabh tú maoin an duine pheacúil sin, agus is amhlaidh go bhfuil sé dlite ort do chion féin dá phianta a fhulaingt. D'fhreagair an t-aingeal agus is é a dúirt sé: Ní ar shaint an tsaoil a ghabh sé maoin an duine úd ach chun a anam siúd a shlánú. Agus mhaolaigh an tine. Agus chuaigh an t-aingeal chun Fursa agus is é a dúirt sé: An tine a d'fhadaigh tú is í a loisc thú, óir murar ghlac tú garaíocht ón duine peacúil úd ní rachadh aithis a pheaca

ort. Agus ina dhiaidh sin bhí an t-aingéal ag tabhairt foirceadal dó faoi cad ba chóir dó a dhéanamh i gcás na ndaoine a dhéanadh aithrí roimh a mbás.

Ansin tugadh Fursa ar ais dá chorp, agus ina dhiaidh sin bhí comhartha an loiscthe a tugadh ar a anam le feiceáil ar a chorp, gurbh fhollas d'fhir an domhain a chonaic é conas a bhí a shlinneán agus a gualainn agus a leiceann. Agus ba scéal iontach le gach duine an comhartha a tugadh ar a anam a bheith i bhfianaise cáich ar a chorp.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Pródánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach de liricí leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Coill

Bhí solas idir na crainn, an lá ag lobbhadh nó ag gealadh, an choill ag éisteacht le guth an éin dhoinn dhobrónaigh, na mná cifleogacha ag fiafraí díot cár fhág tú an iarlais is an ciste óir is an cat fiáin úd a threoraigh mac mí-ádhúil an rí i dtír na sinsear. Ach shiúil tú romhat thar raihneach, thar stoic bhreaca na gcrann, thar uaigheanna fásta, agus a fhios agat nár thaibhreamh é seo ach bealach a thabharfadh chun fíorthaibhrimh thú, mar a mbeadh cat is ciste is leanbh fuadaithe, agus coillte eile ag síneadh ó ghrian go gealach, ó ghealach go dúiseacht.

Dhá bhóthar

Dhá bhóthar atá romhat, a dúirt an bhean feasa. Bhí spéir saghas gorm i ngreim ag an bhfuinneog (nár glanadh le fada), bláthanna tréigthe ar na cuirtíní, cuileog dheiridh an tsamhraidh ag iarraidh éalú ón seomra, fannbholadh bia dhóite ar an aer. An chathair amuigh, lán de roghanna is de nósanna, lán de dhaoine nach bhfaigheadh sé aithne orthu choíche, gach duine acu agus a bheatha féin aige, dúil, séanadh, aiféala. Dhá bhóthar, ach cén fáth nach mbeadh trí bhóthar ann, ceithre bhóthar? Chuala sé snag breac agus chonaic an bóithrín ina intinn, na craobhacha cama, an fhána, an abhainn. Tháinig fonn air diúltú dá chinniúint nó a bheith dall uirthi. Dhá bhóthar, a dúirt sí arís, agus an chríoch chéanna rompu beirt. Cén chríoch? a dúirt sé, ach bhí an chuileog éalaithe, an ghaoth ag réabadh na gcuirtíní, an bhean imithe, é ar a chosa, céim ar chéim.